

An tEolas

Óige

Contact Robert McMillen at The Irish News, 113 Donegall Street, Belfast BT1 2GE. Tel: 028 9040 8365 Fax: 028 9033 7505 or email: r.mcmillen@irishnews.com

Ní printísigh óga iad Ronan agus Conor ach fir ghnó cheana féin

Two young West Donegal brothers are quickly making a name for themselves in the art of woodturning. Ronan McGarvey, 13, and his young brother Conor, 10, of Loch an Lúir, spend most of their evenings turning wooden pens and other small items that are already proving to be a big hit. See www.donegalpens.com

Mol an óige agus tiocfaidh sí a deir an seanfhocal agus tá sé sin fíor faoi bheirt leaid óg as Loch an Lúir i nGaeltacht Thír Chonaill, Ronan Mac Gairbhí, 13, agus a dheartháir Conor, 10.

Is gasraí neamhghnácha na boic seo. Ní raibh smaoineamh gnó riamh agam agus mé in Junction One, an pháirc mhiondíola in aice le baile Aontroma ach níorbh ionann é do Ronan agus do Conor.

Le linn dóibh bheith ar cuairt chuig an ionad siopadóireachta, chonaic siad an deileadóir adhmaid (the woodturner) mór le rá as Contae an Dúin, Geoff Tulip, agus é i mbun a cheirde mar chuid de lá ceardaíochta ag an ionad.

Thug Geoff seal do na leaid ar an deil (on the lathe) agus rinne na gasraí peann an duine. Níor thuig aon duine go mósclódh sé suim ollmhór iontu agus inniu, tá ceardlann dá gcuid féin acu ag a dteach cónaithe i Loch an Lúir agus iad ag obair inti - nuair atá an obair bhaile críochnaithe - ag cruthú peann galánta as réimse leathan adhmaid a fhaigheann siad sa cheantar nó ó sholáthróirí aitheanta ar nós

Raitts i Srath an Urláir a bhfuil réimse iontach ábhair deileadóir éachta ar fáil acu.

Thug Ronan agus Conor cuairt ar The Woodshed i dTeampall Pádraig i gContae Aontroma chomh maith agus tá caidreamh rathúil acu le cearpantóirí agus le soláthróirí lomán (log suppliers) in aice baile.

Is earra sainiúil é gach ceann de na pinn áille a dhéanann siad, é déanta ag Ronan nó ag Conor agus tugann an bheirt acu an-aird ar a saothar ó thus deireadh.

Beith, leamhán, dair, iúr, dair portaigh, crann galchnó, fuinseog, seo na cineálacha adhmaid a úsáideann na gasraí leis na pinn a dhéanamh. Le gairid fuair siad adhmaid ologach (olive wood) ón Tír Naofa agus tá peann de dhéantús Loch an Lúir ina luí go bródúil ar dheasc Easpag Dheoise Fhearna i ndiaidh do na leaid ordú a fháil ó rúnaí an Easpag, an tAthair John Carroll.

Tháinig an t-adhmaid ar bhain Ronan agus Conor úsáid ó lurasalaim, agus i gcruth croise a rinneadh flaiscín an phinn.

Agus tá an gnó beag ag dul ó neart go neart. Ar na mallaibh fuair siad ordú do 70 peann ó Phobalscoil Gaoth Dobhair a thug amach na pinn mar dhuaiseanna le linn oíche bhliantúil na ngradam. Anuas ar sin, is iad Ronan agus Conor na baill is óige de Ghild Dheileadóirí Adhmaid na hÉireann/the Irish Woodturners Guild agus freastal



■ CAIT: Beidh plur aisteoirí óga na Cúige ag glacadh parte i bhFéile Scoilríamaíochta Chúige Uladh in Ard Mhacha ag an deireadh seachtaine

ann siad ar na cruinnithe míosúla i Srath an Urláir. Shábháil na gasraí bunús a gcuid airgid lá breithe leis na deileanna agus na huirlisí eile a cheannach. Coinníonn siad súil amach do chrainn atá tite nó atá á leagadh. "Is é an t-iúr an t-adhmaid is

fearr linn," arsa Ronan, "mar tiontaíonn sé go hiontach furasta. "Tá adhmaid an chrann olóige deas fosta agus caitheann muid sin a fhail ón choigríoch." "Tá daoine iontach cineálta mar insíonn siad dúinn fa chrainn atá ina luí ar an ta-

lamh. Leagadh crann mhór fuinseoige ar na mallaibh agus bhéarfadh sé sin ábhar cuid mhór peann agus rudaí beaga eile dúinn," arsa Conor. Tá an gnó ag dul ó neart go neart agus suíomh idirlíon iontach snasta acu - ar a bhfuil cur síos ar na pinn agus sonraí teagmhála na beirte.

Deirtear go molann an obair an fear, agus ba choir go mbeadh feabhas na bpeann seo ina ábhar bróid don bheirt óga seo agus dá muintir.

■ Tuilleadh eolas ó www.donegalpens.com

Déagóirí as trí chontae ag baint sult as am Ghaeilge agus an eachtraíocht

Tháinig déagóirí ó Bhéal Feirste, Machaire Rátha, Baile an Chaistil agus Bun Cranncha le chéile chun páirt a ghlacadh i Lá Eachtraíochta an tseachtain seo in ionad Eachtraíochta Ardclinis i gCois Abhainn Dála, Co Aontroma. D'eagraí Ógras, Óg-eagraíocht Chonradh na Gaeilge an lá le deis a thabhairt do bhaill clubanna óige Ógras scileanna nua a fhoghlaim agus chun aithne a chur ar Ghaeilgí óga eile taobh amuigh dá gceantair féin. Chaith na baill an lá ag tabhairt faoi imeachtaí ar nós tógáil agus rásaíocht

raftanna agus cluichí dúshlánacha. Dúirt Ríonach Ní Scolaí, Oifigeach Forbartha Uladh le hÓgras, gur deis iontach a bhí ann na déagóirí a thabhairt le chéile agus aithne a chur ar a chéile. "Bhí an t-ádh linn chomh maith, go raibh stiúrthóirí le Gaeilge ar fáil ag Ardclinis dúinn, bhí am ann gur beag seans a bhí ann seirbhís a fháil tré Ghaeilge ina leitheid d'áit ach tá an saol athraithe go mór agus tá Gaeilgí ar fáil in achán ghné den tsaoil." Eagraíonn Ógras imeachtaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta do chlubanna

óige, an mhí seo tá dhá lá eachtraíochta beartaithe ag Ríonach do bhaill níos óige. "An uair deireadh a d'eagraigh muid lá spraoi do pháistí in aois bunscóile bhí breis is 130 duine óg i láthair, an uair seo caitheadh muid dhá lá a dhéanamh de!" Ar nós achán eagraíocht óige eile tá an géarchéim eacnamaíochta ag cuir as d'Ógras ach tá an cuma ar go bhfuil siad níos gnóithí ná i riamh, "Tá méadú mór tagtha ar an líon clubanna atá cláraithe linn i gCúige Uladh ach tá muid in ann níos mó imeachtaí a eagrú os rud é

go bhfuil Foras na Gaeilge ag cuir maoiniú ar fáil dúinn tríd an scéim óige do na laethanta eachtraíochta seo." Beidh an dá lá scléipe eile ar siúl ag Ógras ag zú Bhéal Feirste ar an Satharn 12ú Meitheamh agus an Domhach 20ú Meitheamh.

■ Is feidir dul i dteagmháil le Ríonach Ní Scolaí maidir leis na himeachtaí seo agus imeachtaí eile ag 00 353 74 9560 436.

